CINNEADH (AE) 2022/614 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Feabhra 2022

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís ([1]) ("an Comhaontú") a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh 2014/146/AE ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 28 Eanáir 2014.

(2) Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an Phrótacail lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís ([3]) ("an Prótacal") an 8 Nollaig 2017 ar feadh tréimhse 4 bliana. Chuaigh an Prótacal in éag an 7 Nollaig 2021.

(3) An 28 Meán Fómhair 2021, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Oileán Mhuirís chun prótacal nua a thabhairt i gcrích chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

(4) Go dtí go dtabharfar chun críche an chaibidlíocht maidir leis an bPrótacal a athnuachan, rinne an Coimisiún comhaontú a chaibidil, thar ceann an Aontais, comhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal ar feadh uastréimhse 6 mhí. Tugadh an chaibidlíocht maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal i gcrích go rathúil, agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís ("an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha") an 6 Nollaig 2021.

(5) Is iad is cuspóirí an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha cur ar chumas an Aontais agus Phoblacht Oileán Mhuirís leanúint de bheith ag obair le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe agus saothrú fónta acmhainní iascaigh in uiscí Oileán Mhuirís a chur chun cinn agus ligean do shoithí de chuid an Aontais a gcuid gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí sin.

([1]) IO L 79, 18.3.2014, lch. 3.

([2]) Cinneadh 2014/146/AE ón gComhairle an 28 Eanáir 2014 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (IO L 79, 18.3.2014, lch. 2).

([3]) IO L 279, 28.10.2017, lch. 3.

(6) Ba cheart an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a shíniú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(7) Chun teorainn a chur leis an mbriseadh sa ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí Oileán Mhuirís, ba cheart an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go dtabharfar chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích. ([4])

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a shíniú, thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Cuirfear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le pointe (10) den Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha, amhail ón 1 Eanáir 2022 nó aon dáta eile ina dhiaidh sin tar éis a shínithe, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

([4]) Féach leathanach 45 den Iris Oifigiúil seo.